

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2023

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I – 100 MARC (85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) An tábhacht a bhaineann le stair áitiúil sa churaclam bunscoile.
- (b) Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.
- (c) Déanann sé maitheas don duine bia ceart a ithe, cairde maithe a bheith agat agus aclaíocht a dhéanamh.
- (d) Ní fhaigheann réiteoirí go leor tacaíochta ó na heagraíochtaí spóirt.
- (e) Is maith an rud é go bhfuil TG4 ann.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I had a wonderful summer. I went to Italy in July with my family for three weeks. We stayed in a hotel in Sorrento. There was a good restaurant in the hotel as well as a swimming pool and a tennis court. It was great that I didn't have to cook. The food was excellent and very tasty. We all love Italian food. We spent most days swimming in the pool and sun bathing. My daughter loves to play tennis so she used the tennis court. One day, we rented bicycles and we cycled into the countryside. The hotel gave us a packed lunch that day and we had a nice picnic with a beautiful view of the sea. On another day we got a bus to Naples. We spent that day walking through the city. The weather was pleasant. We were lucky that it wasn't too hot. Some of the days were cloudy and that gave us relief from the heat. I would definitely go back to Italy and I would recommend it to others.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Ciarán spends too much time stretched on the couch watching television.
2. I am a member of the rowing club in my native place.
3. When I was in the Gaeltacht, I missed my family.
4. There is a chemist and a supermarket in that shopping centre.
5. It will be cloudy this evening and it will be raining tomorrow morning.
6. It gives me great satisfaction to see the children making progress.
7. *Saol an Tréidlia* is my favourite television programme because I love animals.
8. We spent a fortnight in France last summer.
9. We get a babysitter on Fridays and we go out to a restaurant for dinner.
10. Teachers should be well-organised and energetic.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Go bhfóire Dia orainn, a Phádraig,” arsa Síle, “Tá droch-chuma ort ar maidin. An bhfuil tú ceart go leor?” “Nílím ag mothú go maith, a Shíle,” arsa Pádraig. “Tá tinneas (ceann) agus tinneas (cluas) orm,” arsa Pádraig. “Agus tá dath bán ar (do: aghaidh). Caithfidh go bhfuil slaghdán ort. Conas a fuair tú slaghdán chomh luath seo sa scoilbhliain?” arsa Síle. “(Siúil) mé abhaile ón scoil sa bháisteach inné, mar go bhfuil mo ghluaisteán (i: an: garáiste) ag fáil (seirbhís). Bhí mé fliuch go craiceann nuair a shroich mé an teach. Bhain mé (de: mé) na héadaí fliucha sular tháinig tú abhaile,” arsa Pádraig. “Bhuel! Beidh ort (fan) sa leaba inniu. An gcuirfidh mé glao ar an dochtúir duit?” arsa Síle. “Ní gá, a Shíle. Fanfaidh mé sa leaba agus ólfaidh mé deochanna teolaí. Tiocfaidh feabhas orm de réir a chéile” arsa Pádraig. “Cuir glao orm má bhíonn aon ní ag teastáil uait i rith (an lá) nó má mhothaíonn tú níos (olc),” arsa Síle.

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Tá Máire ina seasamh ag (an fhuinneog).
2. Rachaidh mé go Gaillimh ag deireadh (an bhliain).
3. Níl ach cúigear (cailíní) i Rang a hAon i mbliana.
4. Tiocfaidh Micheál níos déanaí in éineacht (le: a: uncail).
5. An (téigh: sinn) go dtí an phictiúrlann Dé hAoine seo chugainn?
6. Dá mbeadh Oíche Chultúir ar siúl, (can: mé) amhrán.
7. Tá sé go deas bualadh leat. Tá go leor dea-scéalta (clois) agam fút!
8. Má fhaighim ticéad, (téigh: mé) go dtí an cluiche.
9. Is é Liam an duine is (beag) sa rang seo.
10. Labhair an Captaen leis na (imreoirí) ag leath ama.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin (1670-1738)

Sliocht atá curtha in oiriúint ó shliocht le *Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú* agus atá foilsithe ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1404>

Ceoltóir agus file ab ea Toirdhealbhadh Ó Cearbhalláin. Ó scríobh Oliver Goldsmith an aiste ‘Carolan, the Last Irish Bard’ in *British Magazine*, i Mí Iúil, 1760 is beag má bhí aon fhile Gaeilge, ná go deimhin aon chumadóir Éireannach, ar tugadh an oiread céanna airde air. In aice leis an Obair i gContae na Mí a rugadh é. Feirmeoir ab ea a athair, Seán.

Chuir an bhean uasal, Máire Mhic Dhiarmada, spéis i dToirdhealbhadh óg. Ní raibh sí ach ceithre bliana níos sine ná é ach d’fhéach sí chuige gur cuireadh oideachas air. Chaill sé radharc na súl nuair a bhí sé 18 mbliana d’aois agus sa bhliain chéanna, chuir Máire Mhic Dhiarmada é chuig cláirseoir dar sloinne Mac Diarmada Rua chun an chláirseach a fhoghlaim. Nuair a bhí sé ina cheoltóir déanta thug Máire capall, treoraí agus airgead dó agus thosaigh sé ag taisteal ar fud na tíre.

Phós sé Máire Mhaguidhir ó Fhear Manach; bhí feirm bheag acu in aice le Maothail i gContae Liatroma agus rugadh mac agus seachtar iníonacha dóibh. Chaith Toirdhealbhadh a shaol ag taisteal, fiú tar éis dó pósadh. Chuireadh idir uaisle agus mhionuaisle fáilte roimh an gcláirseoir sna tithe móra ar fud na tíre. Cuid mhór de na scéalta a insítear faoi Ó Cearbhalláin, baineann siad leis na cuairteanna sin. Is léir go raibh dúil aige san ól agus sa chomhluadar. Mhúineadh sé ceol na cláirsí, freisin, i gcuid de na tithe.

Deirtear go raibh aithne aige ar Francesco Geminiani (1667–1762), cumadóir Iodálach a ceapadh, sa bhliain 1728, ina cheann ar cheol an stáit in Éirinn. Níl amhras ach gur thaitin ceol na hIodáile go mór le Ó Cearbhalláin agus go ndeachaigh Geminiani i gcion ar chuid dá chumadóireacht.

D’éag sé ar 25 Márta 1738. Cuireadh tórramh ceithre lá air agus tháinig na sluaite ó chian agus ó chónagar, cláirseoirí ina measc. Cuireadh é i gCill Rónáin.

1. Cén tsli bheatha a bhí ag athair Uí Chearbhalláin?
2. Cén aois a bhí ag Ó Cearbhalláin nuair a thosaigh sé ag foghlaim na cláirsí?
3. Cé mhéad páiste a bhí ag Ó Cearbhalláin?
4. Cén tionchar a bhí ag Francesco Geminiani ar Ó Cearbhalláin?
5. Cá fhad a mhair sochraid Uí Chearbhalláin?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Viky Phelan

Curtha in oiriúint ó alt a foilsíodh ag: <https://tuairisc.ie/cumhacht-vicky-phelan-a-spreag-na-polaiteoiri-lena-gcumhacht-fein-a-leiriu/>

Rugadh Victoria Kelly ar 28 Deireadh Fómhair, 1974, i Móin Choinn, Contae Chill Ceannaigh. D'fhreastail sí ar Ollscoil Luimnigh agus bronnadh Baitsiléireacht sna hEalaíona agus sa Léann Eorpach uirthi. D'oibrigh sí mar riarthóir i rith a saoil oibre. Phós sí Jim Phelan agus bhí beirt pháistí acu. Fuair sí bás ar 14 Mí na Samhna, 2022.

Gníomhaí agus feachtasóir ab ea í a throid go cróga ar son chearta na mban a bhí buailte ag an scannal *CervicalCheck*. Tharraing a troid aird ar chearta na n-othar agus ar an leatrom a rinneadh ar mhná ar fud na tíre nuair a fuair siad torthaí míchruinne ar thástálacha smearaidh don ailse i mbéal na broinne. Thuill Vicky Phelan meas as cuimse as an mbealach a lean sí lena feachtas agus í ag dul i ngleic, ag an am céanna, leis an ngalar a mharaigh sa deireadh í. D'éirigh go héifeachtach léi aird a tharraingt ar a cás pearsanta agus ar chás na mban eile agus í i mbun feachtais. Ní roghnódh sí saol na feachtasaíochta go deo, murach na botúin a rinneadh. Sheas sí an fód go cróga nuair a dhiúltaigh sí don choinníoll rúndachta a bhí á éileamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i socrú cúirte agus nuair a labhair sí amach faoina cás, ag tabhairt foláirimh do mhná eile a bhí i gcontúirt.

D'eagraigh a muintir Seirbhís Chuimhneacháin do Vicky Phelan sa séipéal caitliceach i Móin Choinn ar an 27 Mí na Samhna, 2022. Sheinn *The Stunning* – an banna ceoil ab fhéarr léi ag an tseirbhís. Ba léir ag an tseirbhís, go ndeachaigh Vicky Phelan i bhfeidhm go mór ar an-chuid daoine agus, thar aon rud eile, gur éirigh léi polaiteoirí, a bhíonn go minic in adharca a chéile, a tharraingt le chéile chun cúrsaí sláinte na tíre seo a fheabhsú. Mar thoradh ar a cuid feachtasaíochta, chuir na polaiteoirí reachtaíocht nua le chéile. Is mór an trua é nach raibh sí beo chun cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua a fheiceáil.

1. Cén chéim ollscoile a bhain Vicky Phelan amach?
2. Cén tslí bheatha a bhí ag Vicky Phelan?
3. Céard a rinne Vicky Phelan do mhná eile?
4. Cén coinníoll a bhí sa socrú a bhí á mholadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nár ghlac Vicky Phelan leis?
5. Cén toradh polaitiúil a bhí ar fheachtasaíocht Vicky Phelan?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

- 8.** (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:
- (i) foláireamh a thabhairt;
 - (ii) easpa tuisceana a léiriú;
 - (iii) taitneamh a léiriú;
 - (iv) aird a lorg.
- (b) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir dochtúir agus páiste faoin teideal, “Ghortaigh mé mo lámh i gclós na scoile ag am lóin,” comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (15 mharc)
- 9.** (a) Mínigh na bealaí éagsúla inar féidir úsáid a bhaint as póstaeir.
- (b) Liostaigh réimse de ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta a bheadh oiriúnach do na hardranganna.
- (c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásaí seo a leanas: “tógtha,” “ag síneadh do chos,” “clogad.”
- (15 mharc)
- 10.** (a) Scríobh scéal dar teideal, “I nGairdín na Scoile” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna.
- (b) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.
- (c) Mínigh an tslí a n-imrítear an cluiche teanga, “Cluiche an Chóta,” agus scríobh síos an teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus na páistí roimh an gluiche agus i rith an chluiche.
- (15 mharc)